

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1362 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 1 Lúnasa 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5c, an chéad mhír pointe (a) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 24(4), 36(4), 44(5) agus 45(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Féadfaidh feidhmíocht feithiclí ó chatagóirí O<sub>3</sub> agus O<sub>4</sub>, maidir leis an difear a dhéanann siad d'astaíochtaí CO<sub>2</sub>, d'ídiú breosla, d'ídiú leictreachais agus do raonta tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí ag brath ar na paraiméadair theicniúla. Tá friotaíocht fórsa cultarraingthe níos ísle ag leantóirí níos éifeachtúla, rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle tarraingthe. Tá éifeachtaí comhchosúla ag leantóirí ag a bhfuil paraiméadair theicniúla chomhchosúla ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla na feithicle tarraingthe. Chun éagsúlacht na hearnála leantóirí a léiriú, ba cheart leantóirí a roinnt ina ngrúpaí feithiclí ina bhfuil cineál comhchosúil d'fheithicil, de chumraíocht acastóra, d'ualach uasta incheadaithe ar acastóir agus de chumraíocht fonnaidh.
- (2) Tá oibleagáidí agus rialacha deimhniúcháin i Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> le haghaidh chinneadh astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfheithiclí tromshaothair. Tá cinneadh an ídithe breosla bunaithe ar ionsamhlúchán ar ríomhaire a bhfuil uirlis ionsamhlúcháin VECTO forbartha ag an gCoimisiún dó de bhun Airteagal 5(1), pointe (a), den Rialachán sin. Ós rud é nach féidir leis an uirlis ionsamhlúcháin VECTO tionchar na leantóirí éagsúla a chur san áireamh agus ós rud é nach bhfuil bogearraí ar fáil chun iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchar leantóirí ar ídiú breosla feithiclí tarraingthe, d'fhorbair an Coimisiún uirlis ionsamhlúcháin thiomnaithe le haghaidh leantóirí chun na críche sin.
- (3) Tá friotaíocht aeradinimice ar cheann de na fórsaí nach mór d'fheithicil a shárú agus í á tiomáint. Tá sé cruthaithe go heolaíoch gur féidir le húsáid feistí aeradinimice iomchuí ar leantóirí friotaíocht aeradinimice teaglama feithicle a laghdú, chomh maith lena ídiú fuinnimh dá bhrí sin. Ba cheart éifeacht laghdaithe na bhfeistí aeradinimice sin a dheimhniú dá bhrí sin.

<sup>(1)</sup> IO L 188, 18.7.2009, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO L 151, 14.6.2018, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

- (4) Is modh é ionsamhlúchán dinimice ríomhaireachtúla na sreabhán chun fórsa cultarraingthe aeradinimice feithicle a chinneadh agus tá sé níos saoire ná tástáil fhisiceach. Ní fhéadfar ionsamhlúcháin dinimice ríomhaireachtúla na sreabhán a úsáid le haghaidh deimhniú feiste aeradinimice ach amháin má úsáideann gach monaróir feistí aeradinimice na samhlacha cineálacha 3T céanna d'fheithiclí le haghaidh chinneadh éifeacht laghdaithe na bhfeistí sin. In éagmais na samhlacha cineálacha 3T iomchuí d'fheithiclí, tá na samhlacha sin forbartha ag an gCoimisiún agus cuireann sé ar fáil iad ar ardán tiomnaithe saor in aisce.
- (5) Ba cheart do mhonaróirí feithiclí measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil a bhfeithiclí trí bhíthin uirlis ionsamhlúcháin arna soláthar ag an gCoimisiún agus sula gcuirtear na feithiclí sin ar an margadh san Aontas. Chun a áirithiú go hionsamhláitear an fheidhmíocht chomhshaoil i gceart, ba cheart d'údarás formheasta measúnú agus faireachán a dhéanamh ar láimhseáil na sonraí a úsáidtear le haghaidh an ionsamhlúcháin agus úsáid chuí na huirlise ionsamhlúcháin. Tar éis an mheasúnaithe sin, ba cheart don údarás formheasta ceadúnas a dheonú don mhonaróir feithicle lena mbaineann le haghaidh oibriú na huirlise ionsamhlúcháin.
- (6) Is féidir an fhaisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil leantóra a úsáid le haghaidh dola bóthair agus cánachais agus, dá bhrí sin, ba cheart í a thaispeáint i gcomhad taifead an mhonaróra agus i gcomhad faisnéise an chustaiméara. D'fhonn brionnú a sheachaint, ba cheart do mhonaróirí feithiclí uirlis arna soláthar ag an gCoimisiún a úsáid chun hais-chriptagrafaíocht a chruthú, ar cheart di a bheith mar chuid den deimhniú comhréireachta nó den deimhniú ar cheadú aonair. Is féidir an hais-chriptagrafaíocht sin a úsáid chun neamhréireachtaí idir doiciméid éagsúla na feithicle lena mbaineann a nochtadh. Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal haiseála céanna maidir le comhpháirteanna agus a ndeimhniú ar na cúiseanna céanna.
- (7) Chun ualaigh neamhriachtanacha ar mhonaróirí feithiclí a sheachaint agus chun líon na measúnuithe bliantúla ag údarás formheasta a laghdú, ba cheart cead a bheith ag seirbhísí teicniúla feidhmíocht chomhshaoil a chinneadh, i leith feithiclí atá faoi réir ceaduithe aonair, trí bhíthin an uirlis ionsamhlúcháin arna soláthar ag an gCoimisiún a úsáid. Ba cheart do shealbhóirí ceaduithe aonair a bheith in ann, dá bhrí sin, a iarraidh ar údarás formheasta na sealbhóirí sin a atreorú chuig seirbhís theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil a bhfeithiclí.
- (8) Tá comhpháirteanna a dhéanann difear do fhriotaíocht reatha feithicle ar bhealach atá an-difriúil ag brath ar pharaiméadair dearaidh na gcomhpháirteanna sin. Ba cheart do mhonaróirí na gcomhpháirteanna sin a bheith in ann a gcomhpháirteanna a dheimhniú agus saintréithe éifeachtúlachta fuinnimh na gcomhpháirteanna iad féin a chinneadh ag úsáid modhanna atá go díreach mar an gcéanna. Ba cheart do mhonaróirí feithiclí na luachanna deimhnithe sin a úsáid mar shonraí ionchuir le haghaidh na huirlise ionsamhlúcháin chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí. I gcás nach mbíonn comhpháirt deimhnithe, ba cheart do mhonaróirí feithiclí luachanna caighdeánacha a úsáid in ionad luachanna deimhnithe.
- (9) Chun teorainn a chur le costas dheimhniú na comhpháirte, ba cheart do mhonaróirí na gcomhpháirteanna a bheith in ann na comhpháirteanna a ghrúpáil i bhfinte. I gcás gach fine de chomhpháirteanna, ba cheart tástáil a dhéanamh ar an gcomhpháirt ag a bhfuil na saintréithe is neamhfhabhraí a mhéid a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil na feithicle ar a bhfuil sé le feistiú, agus ba cheart feidhm a bheith ag a thorthaí siúd maidir leis an bhfine fhoriomlán de chomhpháirteanna.
- (10) Tá na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo mar chuid den chreat a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/858 agus cuireann siad leis na forálacha le haghaidh eisiúint an deimhnithe comhréireachta agus an deimhnithe ar cheadú aonair a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún (\*). Ba cheart, dá bhrí sin, na hianscribhinní comhfhreagracha a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 a leasú chun na hathruithe riachtanacha a chur san áireamh sa nós imeachta cineálcheadaithe.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Theicniúil – Mótárfheithiclí (CTMF) dá dtagraítear in Airteagal 83 de Rialachán (AE) 2018/858,

(\* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótárfheithiclí agus a leantóirí, agus ar córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

**RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí i gcatagóirí O<sub>3</sub> agus O<sub>4</sub>, seachas:

- (a) feithiclí ag a bhfuil cabhalra seachas cabhalra bosca-chruthach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2);
- (b) feithiclí ag a bhfuil uasmhais incheadaithe go teicniúil atá níos ísle ná 8 000 kg;
- (c) feithiclí ar a bhfuil níos mó ná trí acastóir;
- (d) leantóirí barra tarraingthe lúibe agus leathleantóirí lúibe;
- (e) dalaithe tiontúcháin;
- (f) feithiclí a sháraíonn na toisí údaráithe uasta a leagtar síos in Iarscríbhinn XIII, roinn E a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>;
- (g) feithiclí ar a bhfuil acastóirí tiomáinte.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “uirlis ionsamhlúcháin” uirlis leictreonach, arna forbairt ag an gCoimisiún, a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhfeithiclí i gcatagóirí O<sub>3</sub> agus O<sub>4</sub> maidir leis an difear a dhéanann siad d’astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus d’ídiú breosla mótarfeithiclí;
- (2) ciallaíonn “cabhalra bosca-chruthach” forstruchtúr iata atá mar bhunchuid de fhráma na feithicle, a chumhdaíonn na hearraí a iompraítear, agus is iad 03, 04, 05, 06 nó 32 na digití sannta a úsáidtear chun cóid an chabhalra a fhorlónadh, i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Tábla 3;
- (3) ciallaíonn “uirlis haiseála” uirlis leictreonach, arna forbairt ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn baint aonchiallach idir an chomhpháirt dheimhnithe, an t-aonad nó an córas teicniúil ar leithligh agus an doiciméad deimhniúcháin a ghabhann leis, nó idir feithicil agus comhad taifead an mhonaróra agus comhad faisnéise an chustaiméara;
- (4) ciallaíonn “monaróir” an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás formheasta maidir le gach gné den phróiseas deimhniúcháin agus maidir le comhréireacht a áirithiú i leith airíonna comhphárteanna, aonaid agus córais theicniúla ar leithligh a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, gan beann ar bhaint dhíreach an duine nó an chomhlachta sin i ngach céim de thógáil na comhphárte, an aonaid nó an chórais theicniúil ar leithligh atá faoi réir an deimhniúcháin;
- (5) ciallaíonn “monaróir feithiclí” comhlacht nó duine atá freagrach as eisiúint chomhad taifead an mhonaróra agus comhad faisnéise an chustaiméara de bhun Airteagal 8;
- (6) ciallaíonn “airíonna comhphárteanna a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla” saintréithe a bhaineann go sonrach le comhpháirt, aonad agus córas teicniúil ar leithligh lena gcinntear tionchar na páirte ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla feithicle;

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/535 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhphárteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithicil den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht (IO L 117, 6.4.2021, lch. 1).

- (7) ciallaíonn “feiste aerainimice” feiste, trealamh, nó teaglam den dá rud i gcumraíocht shonrach a dheartar chun cultarraingt aerainimice na dteaglamaí feithiclí ina bhfuil mótarfeithicil amháin agus leantóir nó leathleantóir amháin ar a laghad a laghdú;
- (8) ciallaíonn “geiméadracht chineálach” samhail thríthoiseach arna forbairt ag an gCoimisiún le haghaidh ionsamhlúcháin dinimice ríomhaireachtúla na sreabhán;
- (9) ciallaíonn “comhad taifead an mhonaróra” comhad arna tháirgeadh ag an uirlis ionsamhlúcháin ina bhfuil faisnéis a bhaineann leis an monaróir, doiciméadacht maidir leis na sonraí ionchuir agus an fhaisnéis ionchuir san uirlis ionsamhlúcháin agus feidhmíocht na feithicle i ndáil lena tionchar ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfeithicil, agus atá i bhfoirm teimpléid a leagtar síos in Iarscríbhinn IV, Cuid I;
- (10) ciallaíonn “comhad faisnéise an chustaiméara” comhad arna tháirgeadh ag an uirlis ionsamhlúcháin ina bhfuil tacar sainithe faisnéise a bhaineann leis an bhfeithicil chomh maith le feidhmíocht na feithicle i ndáil lena tionchar ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfeithicil agus atá i bhfoirm teimpléid a leagtar síos in Iarscríbhinn IV, Cuid II;
- (11) ciallaíonn “sonraí ionchuir” faisnéis maidir le hairíonna comhpháirte, aonad nó córas teicniúil ar leithligh a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, a úsáideann an uirlis ionsamhlúcháin chun astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla na feithicle a chinneadh;
- (12) ciallaíonn “faisnéis ionchuir” faisnéis maidir le saintréithe feithicle a úsáideann an uirlis ionsamhlúcháin chun an tionchar ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla na feithicle sin a chinneadh agus nach bhfuil ina cuid de na sonraí ionchuir;
- (13) ciallaíonn “eintiteas údaraithe” údarás náisiúnta arna údarú ag Ballstát chun faisnéis ábhartha a iarraidh ar na monaróirí agus na monaróirí feithiclí maidir le hairíonna comhpháirte, aonad nó córas teicniúil sonrach a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla agus astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla feithicil nua faoi seach.

## CAIBIDIL II

### GRÚPAÍ FEITHICLE, UIRLISÍ LEICTREONACHA AGUS GEOIMÉADRACHT CHINEÁLACH FEITHICLE

#### Airteagal 3

#### Grúpaí feithicle

Aicmeoidh monaróirí feithicil a gcuid feithicil i ngrúpaí feithicle i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Pointe 2.

#### Airteagal 4

#### Uirlisí leictreonacha

1. Úsáidfidh monaróirí feithicil na huirlisí leictreonacha seo a leanas arna soláthar ag an gCoimisiún saor in aisce i bhfoirm bogearraí in-íosódáilte inrite:

- (a) an uirlis ionsamhlúcháin;
- (b) an uirlis haiseála.

Coinneoidh an Coimisiún bail ar na huirlisí leictreonacha agus soláthróidh sé modhnuithe agus nuashonruithe ar na huirlisí sin.

2. Maidir leis na huirlisí leictreonacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún ar fáil iad ar ardán leictreonach tiomnaithe dáilte a bheidh ar fáil go poiblí.

## CAIBIDIL III

## CEADÚNAS CHUN AN UIRLIS IONSAMHLÚCHÁIN A OIBRIÚ CHUN CRÍOCHA AN CHINEÁLCHHEADAITHE

## Airteagal 5

**Iarratas ar cheadúnas chun uirlis ionsamhlúcháin a oibriú chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Cuirfidh monaróirí feithiclí iarratas ar cheadúnas chun uirlis ionsamhlúcháin a oibriú chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla faoi bhráid an údaráis formheasta.

2. Maidir leis an iarratas ar cheadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú a chuirfidh na monaróirí feithiclí faoi bhráid an údaráis formheasta, úsáidfear an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Foscríbhinn 1.

Beidh an méid uile seo a leanas ag gabháil leis an iarratas ar cheadúnas chun uirlis ionsamhlúcháin a oibriú:

- (a) tuairisc mhionsonraithe ar na próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Pointe 1;
- (b) an measúnú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Pointe 2.

3. Cuirfidh monaróirí feithiclí an t-iarratas ar cheadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin isteach ar a dhéanaí i dteannta leis an iarratas ar chineálcheadú nó ceadú aonair na feithicle lena mbaineann.

## Airteagal 6

**Forálacha riaracháin le haghaidh dheonú an cheadúnais chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú**

1. Deonóidh an t-údarás formheasta an cheadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú má chuireann an monaróir feithiclí lena mbaineann an t-iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 5 agus má chruthaíonn sé gur cuireadh na próisis uile ar bun i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Pointe 1.

2. Eiseofar an cheadúnas i bhfoirm an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Foscríbhinn 2.

## Airteagal 7

**Athruithe ina dhiaidh sin ar na próisis a chuirtear ar bun chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Tabharfaidh monaróirí feithiclí fógra don údarás formheasta gan mhoill maidir le haon athrú a rinne na monaróirí sin ar na próisis a chuir siad ar bun chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá ag na feithiclí nua sin ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla agus go bhfuil siad cumhdaithe ag an gceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú, i gcás ina bhféadfadh athruithe den sórt sin difear a dhéanamh do chruinneas, d'iontaofacht nó do sheasmhacht na bpróiseas sin.

2. Tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, cuirfidh an t-údarás formheasta an monaróir feithiclí lena mbaineann ar an eolas cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear na próisis athraithe leis an gceadúnas a deonaíodh de bhun Airteagal 6.

3. I gcás nach gcumhdaítear na hathruithe dá dtagraítear i mír 1 leis an gceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú, déanfaidh monaróirí feithiclí, laistigh de 1 mhí ó fháil na faisnéise dá dtagraítear i mír 2, iarratas ar cheadúnas nua i gcomhréir le hAirteagal 5. Tarraingeoidh an t-údarás formheasta an cheadúnas siar mura ndéanfaidh monaróir feithiclí iarratas ar cheadúnas nua, nó má dhiúltaítear an t-iarratas ar cheadúnas nua.

## CAIBIDIL IV

## OIBRIÚ NA HUURLISE IONSAMHLÚCHÁIN

## Airteagal 8

**An oibleagáid maidir le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Cinnfidh monaróirí feithiclí feidhmíocht na bhfeithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, feithiclí atá le díol, le clárú nó le cur i seirbhís san Aontas, ag úsáid an leagan is deireanaí den uirlis ionsamhlúcháin atá ar fáil.
  2. Taifeadfaidh monaróirí feithiclí torthaí an ionsamhlúcháin a dhéantar leis an uirlis ionsamhlúcháin i gcomhad taifead an mhonaróra.
- Cé is moite de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 21(2), an dara fómhír, agus in Airteagal 23(3), toirmiscfear aon athrú ar chomhad taifead an mhonaróra.
3. Cruthóidh monaróirí feithiclí hais-chripteagrafaíocht de chomhad taifead an mhonaróra agus de chomhad faisnéise an chustaiméara ag úsáid na uirlise haiseála.
  4. Beidh comhad faisnéise an chustaiméara in éineacht le gach feithicil atá le clárú, le díol nó le cur i seirbhís.

Beidh inphrionta de hais chripteagrafach chomhad taifead an mhonaróra i ngach comhad taifead monaróra.

5. Beidh deimhniú comhréireachta ag gabháil le gach feithicil atá le clárú, le díol nó le cur i seirbhís nó, i gcás feithiclí arna gceadú i gcomhréir le hAirteagal 44 nó Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2018/858, deimhniú ar cheadú aonair, lena n-áirítear inphrionta de hais chripteagrafach chomhad taifead an mhonaróra agus chomhad faisnéise an chustaiméara.
6. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh monaróirí feithiclí atá ag déanamh iarratais le haghaidh ceaduithe aonair le haghaidh feithiclí atá mar chuid de ghrúpaí feithiclí lena mbaineann, ar a dhéanaí in éineacht leis an iarratas ar cheadú aonair, a iarraidh ar an údarás formheasta go ndéanfaidh seirbhís theicniúil ainmnithe an measúnú ar fheidhmíocht na bhfeithiclí sin i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla. Beidh na sonraí ionchuir agus an fhaisnéis ionchuir dá dtagraítear sa teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Foscríbhinn 1 san iarratas sin. Cuirfidh an monaróir feithiclí sonraí ionchuir agus faisnéis ionchuir na gcomhpháirteanna a dheimhnítear i gcomhréir le hAirteagal 11(1) faoi bhráid na seirbhíse teicniúla ainmnithe i bhfoirm chomhaid XML.
7. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh monaróirí feithiclí, ag a bhfuil cineálcheadú agus táirgeadh bliantúil de níos lú ná 30 feithicil atá mar chuid de na grúpaí feithiclí lena mbaineann, a iarraidh ar sheirbhís theicniúil ainmnithe an t-ionsamhlúcháin a dhéanamh don mheasúnú ar fheidhmíocht na bhfeithiclí sin i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla. Beidh na sonraí ionchuir agus an fhaisnéis ionchuir dá dtagraítear sa teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III, Foscríbhinn 1 san iarratas le haghaidh gach feithicle. Cuirfidh an monaróir feithiclí sonraí ionchuir agus faisnéis ionchuir na gcomhpháirteanna a dheimhnítear i gcomhréir le hAirteagal 11(1) faoi bhráid na seirbhíse teicniúla ainmnithe i bhfoirm chomhaid XML.
8. Chun críocha mhíreanna 6 agus 7, ainmneoidh na húdaráis formheasta seirbhís theicniúil chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú agus chun comhad taifead an mhonaróra agus comhad faisnéise an chustaiméara a tharraingt suas.

## Airteagal 9

**Modhnuithe agus nuashonruithe ar an uirlis ionsamhlúcháin agus haiseála agus mífheidhmiú na huirlise sin**

1. I gcás modhnuithe nó nuashonruithe ar an uirlis ionsamhlúcháin, cuirfidh na monaróirí feithiclí tús le húsáid na huirlise ionsamhlúcháin modhnaithe nó nuashonraithe tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis chur ar fáil na modhnuithe agus na nuashonruithe ar an ardán leictreonach tiomnaithe dáilte.

2. Mura féidir measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mar gheall ar mhífheidhm na huirlise ionsamhlúcháin, tabharfaidh monaróirí feithiclí fógra don Choimisiún faoin méid sin trí bhíthin an ardáin leictreonaigh thiomnaithe dháilte gan mhoill.

3. Mura féidir measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mar gheall ar mhífheidhm na huirlise ionsamhlúcháin, déanfaidh monaróirí feithiclí an t-ionsamhlúchán le haghaidh na bhfeithiclí sin tráth nach déanaí ná 7 lá féilire tar éis an dáta ar cuireadh na modhnuithe nó na nuashonruithe ar fáil ar an ardán leictreonach tiomnaithe dáilte. Cuirfear na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 8 ar fionraí le haghaidh na bhfeithiclí nach féidir cinneadh na feidhmíochta i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla a dhéanamh dóibh, go dtí go bhfuil na modhnuithe nó na nuashonruithe ar fáil.

#### Airteagal 10

### Inrochtaineacht ionchuir agus fhaisnéis aschuir na huirlise ionsamhlúcháin

1. Stórálfaidh monaróirí feithiclí nó, i gcás ina ndéanann seirbhís theicniúil an t-ionsamhlúchán, stórálfaidh na comhlachtaí freagracha arna n-ainmniú ag an mBallstát, comhad taifead an mhonaróra agus na deimhnithe maidir le hairíonna comhpháirteanna, córais agus aonaid theicniúla ar leithligh a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla go ceann 10 mbliana tar éis tháirgeadh nó cheadú na feithicle, faoi seach.

2. Arna iarraidh sin d'eintiteas údaraithe Ballstáit nó an Choimisiúin, cuirfidh monaróirí feithiclí nó na comhlachtaí freagracha dá dtagraítear i mír 1 comhad taifead an mhonaróra agus na deimhnithe maidir le hairíonna comhpháirteanna, córais agus aonaid theicniúla ar leithligh a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla faoi bhráid an eintitis sin nó an Choimisiúin laistigh de 15 lá oibre.

3. Arna iarraidh sin d'eintiteas údaraithe nó don Choimisiún, cuirfidh an t-údarás formheasta a dheonaigh an ceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 6 nó a dheimhnigh airíonna comhpháirte, aonad agus córas teicniúil ar leithligh a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla i gcomhréir le hAirteagal 17, an t-iarratas ar an gceadúnas chun an uirlis ionsamhlúcháin a oibriú dá dtagraítear in Airteagal 5(2) nó an t-iarratas ar an deimhniú maidir le hairíonna a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla dá dtagraítear in Airteagal 16(2), faoi seach, faoi bhráid an eintitis sin nó an Choimisiúin laistigh de 15 lá oibre.

#### CAIBIDIL V

### AIRÍONNA FEISTÍ AGUS BONN AERAIDINIMICE A BHAINNEANN LE HASTAÍOCHTAÍ CO<sub>2</sub> AGUS ÍDIÚ BREOSLA

#### Airteagal 11

### Comhpháirteanna, aonaid agus córais theicniúla ar leithligh atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht feithiclí nua i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla

1. Beidh sonraí maidir le hairíonna na gcomhpháirteanna, na n-aonad agus na gcóras teicniúil seo a leanas a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla sna sonraí ionchuir le haghaidh na huirlise ionsamhlúcháin:

(a) feistí aeradinimice;

(b) boinn.

2. Bunóidh monaróirí feithiclí airíonna feistí aeradinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla ar na luachanna a chinntear, le haghaidh gach fine d'fheistí aeradinimice, i gcomhréir le hAirteagal 13, agus deimhneofar na hairíonna sin i gcomhréir le hAirteagal 17. In éagmais cinneadh agus deimhniú den sórt sin, bunóidh monaróirí feithiclí airíonna feistí aeradinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla ar na luachanna caighdeánacha a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 12.

3. Bunóidh monaróirí feithiclí airíonna bonn a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla ar na luachanna deimhnithe nó na luachanna caighdeánacha a chinntear de bhun Airteagal 12 agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/2400.

4. I gcás ina mbíonn feithicil nua le clárú, le díol nó le cur i mbun seirbhíse le tacar iomlán de bhoinn sneachta agus tacar iomlán de ghnáthbhoinn, féadfaidh monaróirí feithiclí na boinn a roghnú a úsáidfead chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhfeithiclí nua maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla.

#### *Airteagal 12*

### **Luachanna caighdeánacha**

Cinnfidh agus leithdháilfidh an uirlis ionsamhlúcháin na luachanna caighdeánacha le haghaidh feistí aeradinimice ag úsáid na bparaiméadar a leagtar síos in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 6.

#### *Airteagal 13*

### **Luachanna deimhnithe**

Cinnfead na luachanna deimhnithe le haghaidh feistí aeradinimice i gcomhréir le hlarscríbhinn V, Pointe 3.

#### *Airteagal 14*

### **Geoiméadrachtaí cineálacha feithiclí**

1. Úsáidfidh monaróirí feistí aeradinimice na geoiméadrachtaí cineálacha seo a leanas chun sonraí na feiste aeradinimice a shonraítear in Iarscríbhinn V a chinneadh:

- (a) geoiméadracht chineálach tarracóra 4x2;
- (b) geoiméadracht chineálach tarracóra 4x2 le haghaidh leathleantóirí atá toirtdírithe;
- (c) geoiméadracht chineálach leoraí docht 4x2;
- (d) geoiméadracht chineálach leoraí docht 6x2;
- (e) geoiméadracht chineálach leathleantóra;
- (f) geoiméadracht chineálach leathleantóra atá toirtdírithe;
- (g) geoiméadracht chineálach leantóra barra tarraingthe;
- (h) geoiméadracht chineálach leantóra barra tarraingthe atá toirtdírithe;
- (i) geoiméadracht chineálach leantóra acastóra láir;
- (j) geoiméadracht chineálach leantóra acastóra láir atá toirtdírithe;
- (k) geoiméadracht chineálach flapa cúil;
- (l) geoiméadracht chineálach chumhdaigh taoibh leathleantóra.

2. Maidir leis na geoiméadrachtaí cineálacha dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún ar fáil iad i bhfoirm formáid chomhaid .igs, .step agus .stl a bheidh in-íoslódáilte ar ardán leictreonach tiomnaithe dáilte a bheidh ar fáil go poiblí.

#### *Airteagal 15*

### **Coincheap na fine le haghaidh feistí aeradinimice ag úsáid luachanna deimhnithe**

1. Beidh na luachanna deimhnithe a chinntear le haghaidh máthairfheiste aeradinimice bailí le haghaidh gach ball d'fhine na feiste sin i gcomhréir leis na critéir fine a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 4.



2. Ní bheidh airíonna na máthairfheiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla níos fearr ná airíonna aon bhall den fhine chéanna d'fheistí aeraidinimice.

3. Cuirfidh monaróirí feistí aeraidinimice fianaise, go léiríonn an mháthairfheiste aeraidinimice an fhine d'fheistí aeraidinimice ina n-iomláine, faoi bhráid an údaráis formheasta.

4. Arna iarraidh sin do mhonaróir feiste aeraidinimice, agus faoi réir chomhaontú an údaráis formheasta, féadfar airíonna na feiste aeraidinimice, seachas an mháthairfheiste aeraidinimice, a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, a thabhairt le fios sa deimhniú ar an bhfine d'fheistí aeraidinimice.

Cinnfear airíonna na feiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcomhréir le hIarscríbhinn V, Pointe 3.

5. I gcás ina mbíonn airíonna feiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla, a chinntear i gcomhréir le mír 4, ina chúis le feidhmíocht níos measa na feithicle i ndáil lena hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla ná i gcás na máthairfheiste aeraidinimice, fágfaidh monaróirí feistí aeraidinimice lena mbaineann an fheiste aeraidinimice sin as an áireamh ón bhfine atá ann cheana féin nó déanfaidh siad iarratas chun an deimhniú de bhun Airteagal 18 a fhadú.

#### *Airteagal 16*

#### **Iarratas ar dheimhniú na n-airíonna feistí aeraidinimice agus a bhfinte a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Cuirfidh monaróirí feistí aeraidinimice an t-iarratas ar dheimhniú airíonna na bhfeistí sin nó a bhfinte a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla faoi bhráid an údaráis formheasta.

2. Beidh an t-iarratas ar dheimhniú dá dtagraítear i mír 1 i bhfoirm an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 2.

Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas sin:

- (a) míniú ar ghnéithe dearaidh na feiste aeraidinimice, gnéithe ag a bhfuil éifeacht neamhdhiomaibhseach ar airíonna na feiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub>, ídiú breosla agus ídiú fuinnimh;
- (b) an tuarascáil bailíochtaithe mar a shonraítear in Iarscríbhinn V, Pointe 3;
- (c) an tuarascáil theicniúil lena n-áirítear torthaí an ionsamhlúcháin ar ríomhaire mar a shonraítear in Iarscríbhinn V, Pointe 3;
- (d) pacáiste doiciméadachta le haghaidh fheistí ceart na feiste aeraidinimice;
- (e) ráiteas comhlíontachta arna eisiúint de bhun Iarscríbhinn IV, Pointe 2 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

3. Ní dhéanfaidh athruithe ar an bhfeiste aeraidinimice a tharlaíonn tar éis an deimhniúcháin an deimhniú a neamhbhailíochtú, mura n-athraítear a sainréithe bunaidh nó paraiméadair theicniúla ar bhealach a dhéanann difear d'airíonna na feiste aeraidinimice lena mbaineann a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla.

#### *Airteagal 17*

#### **Deimhniú airíonna feistí aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Má chomhlíontar an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 13, deimhneoidh údaráis formheasta na luachanna a bhaineann le hairíonna na fine d'fheistí aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla agus eiseoidh sé deimhniú i bhfoirm an teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 1.

2. Sannfaidh údaráis formheasta uimhir deimhniúcháin i gcomhréir leis an gcóras uimhrithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 3.

Ní shannfaidh údaráis formheasta an uimhir deimhniúcháin chéanna d'fhine eile d'fheistí aeraidinimice. Aitheantóir na tuarascála teicniúla a bheidh san uimhir deimhniúcháin.

3. Cruthóidh údaráis formheasta hais-chripteagrafaíocht den chomhad le torthaí an ionsamhlúcháin ar ríomhaire dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointe (c), agus an uimhir deimhniúcháin trí bhíthin uirlis haiseála. Déanfar an haiseál sin go díreach tar éis tháirgeadh thorthaí an ionsamhlúcháin ar ríomhaire. Déanfaidh údaráis formheasta an hais-chripteagrafaíocht a inphriontáil in éineacht leis an uimhir deimhniúcháin ar an deimhniú maidir le hairíonna a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla.

#### *Airteagal 18*

### **Fadú chun feiste aeraidinimice a chur san áireamh i bhfine d'fheistí aeraidinimice**

1. Arna iarraidh sin do mhonaróir feistí aeraidinimice, agus ar fhorpheas an údaráis formheasta lena mbaineann, féadfar feiste aeraidinimice nua a chur san áireamh i bhfine d'fheistí aeraidinimice má chomhlíonann an feiste sin na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn V, Foscríbhinn 4, agus sa chás sin, eiseoidh an t-údarás formheasta deimhniú leasaithe ar a mbeidh uimhir fadaith.

Modhnóidh monaróirí na bhfeistí aeraidinimice lena mbaineann an doiciméad faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 16(2) dá réir agus cuirfidh sé an doiciméad sin faoi bhráid an údaráis formheasta.

2. I gcás ina mbíonn airíonna na feiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla dá dtagraítear i mír 1 níos measa ná i gcás na máthairfheiste aeraidinimice, an mháthairfheiste aeraidinimice nua a bheidh san fheiste aeraidinimice nua.

#### *Airteagal 19*

### **Athruithe atá ábhartha maidir le deimhniú airíonna feistí aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

1. Tabharfaidh monaróirí feistí aeraidinimice fógra don údarás formheasta maidir le haon athrú ar phróiseas dearaidh nó monaraíochta na bhfeistí aeraidinimice a tharlóidh tar éis an deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17 agus a bhféadfadh éifeacht neamhdhiomaibhseach a bheith aige ar an bhfeidhmíocht i ndáil le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla na feithicle atá feistithe leis na feistí sin.

2. Tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, cuirfidh an t-údarás formheasta lena mbaineann an monaróir lena mbaineann ar an eolas cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear na feistí aeraidinimice dá ndéanann na hathruithe difear leis an gceadúnas a deonaíodh, nó cé acu is gá ionsamhlúcháin ar ríomhaire a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13 nó nach gá.

3. I gcás nach gcumhdaítear feistí aeraidinimice, dá ndéanann na hathruithe difear, leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 17(1), déanfaidh an monaróir lena mbaineann iarratas ar dheimhniú nua nó ar fhadú an deimhniúcháin sin de bhun Airteagal 18(1) laistigh de 1 mhí ó fháil na faisnéise sin ón údarás formheasta.

I gcás nach ndéanann monaróirí feistí aeraidinimice iarratas ar dheimhniú nua nó ar leasú laistigh den sprioc-am sin, nó i gcás ina ndiúltaítear an t-iarratas, tarraingeoidh na húdaráis formheasta an deimhniú siar.

## CAIBIDIL VI

**COMHRÉIREACHT OIBRIÚ NA HUIRLISE IONSAMHLÚCHÁIN, FAISNÉISE IONCHUIR AGUS SONRAÍ IONCHUIR***Airteagal 20***Freagrachtaí an mhonaróra feithiclí, an údaráis formheasta agus an Choimisiúin maidir le comhréireacht oibriú na huirlise ionsamhlúcháin**

1. Déanfaidh monaróirí feithiclí na bearta is gá chun a áirithiú gur oiriúnach i gcónaí chun na críche sin na próisis a bhunaítear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na feithicle i ndáil leis an tionchar atá aige ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfeithiclí a chumhdaítear leis an gceadúnas a dheonaítear de bhun Airteagal 6 .

2. Déanfaidh údaráis formheasta an measúnú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Pointe 2 go bliantúil chun a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na próisis a mbunaíonn monaróir feithiclí iad chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na feithicle i ndáil leis an tionchar atá aici ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfeithiclí leormhaith fós agus chun roghnú na faisnéise ionchuir agus na sonraí ionchuir agus athdhéanamh na n-ionsamhlúcháin arna ndéanamh ag an monaróir feithiclí a fhíorú.

Féadfaidh údaráis formheasta measúnú a dhéanamh níos mó ná uair amháin sa bhliain, agus méid nach mó ná ceithre huair sa bhliain, i gcás ina measann siad go bhfuil údar le measúinuithe den sórt sin.

*Airteagal 21***Bearta ceartaitheacha le haghaidh chomhréireacht oibriú na huirlise ionsamhlúcháin**

1. Maidir le húdaráis formheasta a shuíonn, de bhun Airteagal 20(2), nach bhfuil na próisis a bhunaíonn an monaróir feithiclí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na feithicle i ndáil leis an tionchar atá aige ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla mótarfeithiclí i gcomhréir leis an gceadúnas nó go bhféadfaidh measúnú mícheart ar fheidhmíocht na feithicle a bheith ann, iarrfaidh na húdaráis formheasta sin ar an monaróir feithiclí plean de bhearta ceartaitheacha a chur isteach tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis dó an iarraidh a fháil ón údarás formheasta. Féadfaidh údaráis formheasta síneadh suas le 1 mhí a chur leis an tréimhse i gcás ina léiríonn an monaróir feithiclí go bhfuil gá le níos mó ama chun an plean de bhearta ceartaitheacha a chur isteach.

2. Formheasfaidh nó diúltóidh na húdaráis formheasta an plean de bhearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 1 mhí tar éis dóibh é a fháil. Tabharfaidh údaráis formheasta fógra don mhonaróir feithiclí lena mbaineann agus do gach Ballstát eile maidir lena gcinneadh.

Féadfaidh údaráis formheasta a éileamh ar mhonaróirí feithiclí comhad taifead nua an mhonaróra, comhad faisnéise nua an chustaiméara, deimhniú nua ar cheadú aonair agus deimhniú comhréireachta nua a eisiúint ar bhonn measúnú nua ar fheidhmíocht na feithicle i ndáil leis an tionchar atá aige ar astaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla a léiríonn na hathruithe arna gcur chun feidhme i gcomhréir leis an bplean formheasta de bhearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh an monaróir feithiclí freagrach as forfheidhmiú an phlean fhoromheasta de bhearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 1.

4. I gcás ina ndiúltaíonn an t-údarás formheasta an plean de bhearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 1, nó i gcás ina bhfuil sé suite ag an údarás formheasta nach gcuirtear na bearta ceartaitheacha i bhfeidhm i gceart, déanfaidh an t-údarás formheasta na bearta is gá chun comhréireacht oibriú na huirlise ionsamhlúcháin a áirithiú nó tarraingeoidh sé an ceadúnas siar.

*Airteagal 22***Freagrachtaí an mhonaróra agus an údaráis formheasta i ndáil le comhréireacht airíonna na bhfeistí aeradinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

Déanfaidh monaróirí feistí aeradinimice na bearta is gá i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, Pointe 3 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 chun a áirithiú nach mbeidh airíonna na bhfeistí aeradinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), atá ina n-ábhar deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 17, dífríúil leis na luachanna deimhnithe.

*Airteagal 23***Bearta ceartaitheacha le haghaidh chomhréireacht airíonna feistí aeradinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla**

2.2.4.1. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/km)...

2.2.4.2. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/t-km)...

2.2.4.3. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/m<sup>3</sup>-km)...

2.2.5. Cóimheasa éifeachtúlachta

2.2.5.1. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar chiliméadair (-)...

2.2.5.2. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar thonna-chiliméadair (-)...

2.2.5.3. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m<sup>3</sup>-chiliméadair (-)...

2.2.6. Cóimheas tagartha

2.2.6.1. Cóimheas tagartha – bunaithe ar chiliméadair (-)...

3. **Torthaí ualaithe**

3.1. Pálasta (kg) ...

3.2. Ídiú breosla

3.2.1. Ídiú breosla (g/km)...

3.2.2. Ídiú breosla (g/t-km)...

3.2.3. Ídiú breosla (g/m<sup>3</sup>-km)...

3.2.3.1. Ídiú breosla (l/100km)...

3.2.3.2. Ídiú breosla (l/t-km)...

- 3.2.3.3. Ídiú breosla (l/m<sup>3</sup>-km)...
  - 3.3. Astaíochtaí CO<sub>2</sub>
    - 3.3.1. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/km)...
    - 3.3.2. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/t-km)...
    - 3.3.3. Astaíochtaí CO<sub>2</sub> (g/m<sup>3</sup>-km)...
  - 3.4. Cóimheasa éifeachtúlachta
    - 3.4.1. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar chiliméadair (-)...
    - 3.4.2. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar thonna-chiliméadair (-)...
    - 3.4.3. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m<sup>3</sup>-chiliméadair (-)...
  - 4. **Faisnéis faoi bhogearraí**
    - 4.1. Leagan na huirlise ionsamhlúcháin (X.X.X.)...
    - 4.2. Dáta agus am an ionsamhlúcháin
    - 4.3. Hais-chripteagrafaíocht chomhad taifead an mhonaróra ...
    - 4.4. Hais-chripteagrafaíocht chomhad faisnéise an chustaiméara ...
-

## IARSCRÍBHINN V

## SONRAÍ MAIDIR LE CÚLTARRAINGT AEIR NA FEITHICLE

## Cinneadh shonraí na feiste aeradinimice

## 1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo an nós imeachta le haghaidh chinneadh shonraí na feiste aeradinimice.

## 2. SAINMHÍNITHE

(1) Is feistí aeradinimice iad feistí aeradinimice caighdeánacha ar féidir luachanna caighdeánacha a úsáid ina leith i ndeimhniú na feithicle. Féadfaidh na baill seo a leanas a bheith san fheiste aeradinimice chaighdeánach:

- (a) ciallaíonn “flapaí cúil” feiste aeradinimice ar a bhfuil breis agus dhá phainéal slímithe cúil ag cúl na feithicle agus an aidhm acu a mharbhsruth a laghdú;
- (b) ciallaíonn “flapaí gearra cúil” flapaí cúil ag a bhfuil painéil chliathánacha de 2 mhéadar ar a laghad nach gcumhdaíonn airde iomlán na cabhlach;
- (c) ciallaíonn “flapaí arda cúil” flapaí cúil ag a bhfuil painéil chliathánacha a chumhdaíonn airde iomlán na cabhlach agus ag a bhfuil lamhálas de  $\pm 3\%$  d’airde iomlán na cabhlach;
- (d) ciallaíonn “cumhdaigh taoibh” feiste aeradinimice ar a bhfuil painéil ar thaobh íochtarach na feithicle agus an aidhm acu tionchar trasghaoithe agus/nó suaiteachta, a chruthaíonn na rothaí, ar an gcúlarraingt aeir a laghdú;
- (e) ciallaíonn “cumhdaigh ghearra taoibh” cumhdaigh taoibh nach gcumhdaíonn achar na rothaí; i gcás leathleantóirí, ní chumhdaíonn siad ach an fad idir an fearas tuirlingthe agus tús an chéad rotha;
- (f) ciallaíonn “cumhdaigh fhada taoibh” cumhdaigh taoibh a chumhdaíonn an fad idir fearas tuirlingthe leathleantóra agus cúl na feithicle;

(2) ciallaíonn “CFD’ ionsamhlúchán dinimice ríomhaireachtúla na sreabhán a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar fheiniméin an tsreabháin chasta;


## 3. CINNEADH LAGHDÚ NA CÚLTARRAINGTHE AEIR TRÍ BHÍTHIN TÁSTÁLACHA FÍORÚLA AG ÚSÁID CFD

## 3.1. Bailíochtú an mhodha CFD

Bunaithe ar an bpróiseas bailíochtaithe a shonraítear in Iarscríbhinn VIII, Foscríbhinn 3 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, éileofar le deimhniú feiste aeradinimice trí bhíthin CFD bailíochtú an mhodha CFD in aghaidh mhodh tagartha CFD mar a thaispeántar i bhFíor 1.

Cuirfear an modh CFD atá le bailíochtú i bhfeidhm ar thacar de gheoiméadrachtaí cineálacha.

Fíor 1

**Próiseas bailíochtaithe an mhodha CFD**

Cruthófar inchomparáideacht thorthaí tástála an ionsamhlúcháin. Dréachtóidh monaróir na feiste aeradinimice nó an tseirbhís theicniúil tuarascáil bhailíochtaithe agus cuirfear faoi bhráid an údaráis formheasta í.

Aon athrú ar mhodh dhinimic ríomhaireachtúil na sreabhán nó ar na bogearraí ar dóchúil go bhféadfadh sé go mbeadh an tuarascáil bhailíochtaithe neamhbhailí, cuirfear in iúl don údarás formheasta é agus féadfaidh an t-údarás sin próiseas bailíochtaithe nua a éileamh.

Nuair a bheidh sé bailíochtaithe, úsáidfear an modh chun an fheiste aeradinimice a dheimhniú.

### 3.2. Ceanglais le haghaidh bhailíochtú an mhodha CFD

Maidir leis an bpróiseas bailíochtaithe, déanfar trí thacar ionsamhlúcháin CFD dhifriúla mar a leanas a ionsamhlú:

(a) Tacar BASE:

- Tarracóir cineálach 4x2
- Leathleantóir cineálach ST1.

(b) Tacar TRF:

- Tarracóir cineálach 4x2
- Leathleantóir cineálach ST1
- Flapaí arda cineálacha cúil

(c) Tacar LSC:

- Tarracóir cineálach 4x2
- Leathleantóir cineálach ST1
- Cumhdaigh fhada chineálacha taoibh

Déanfar gach tacar a ionsamhlú ag céimeanna  $\beta=0,0, 3,0$  agus  $6,0$  de luascáil chun éifeachtaí trasghaoithe a thagann ó thaobh clé na feithicle a chur san áireamh, mar a thaispeántar i bhFíor 2.



Fíor 2

 **$\beta$  uillinn luascála**

Déanfar titim bhrú na dteasmhalartóirí a ionsamhlú de réir chothromóid [1]:

$$\frac{dp}{dx} = -(P_i \cdot v^2 + P_v \cdot v) \quad [1]$$

i gcás ina liostaítear na comhéifeachtaí le haghaidh gach teasmhalatóra i dTábla 1.

Tábla 1

**Comhéifeachtaí friotaíochta meán póiriúil**

Comhéifeacht	Comhdhlúthadán	Fuaraitheoir Aeir Luchtaithe	Radaitheoirí
Friotaíocht Thámhúil ( $P_i$ ) [kg/m <sup>4</sup> ]	140,00	60,00	120,00
Friotaíocht Shlaodach ( $P_v$ ) [kg/m <sup>3</sup> s]	450,00	300,00	450,00

Comhlíonfaidh CFD na ceanglais a liostaítear i dTábla 2. Cuirfear comhlíonadh na gceanglais íosta CFD faoi bhráid an údaráis formheasta.

Tábla 2

**Ceanglais íosta CFD**

Réimse	Luach	Nótaí
Treoluas na feithicle	25,00 m/s	Le húsáid le haghaidh threoluas tagartha na comhéifeachta cúlraingthe.
Achar tosaigh na feithicle	10,047 m <sup>2</sup>	Le húsáid le haghaidh achar tagartha na comhéifeachta cúlraingthe.
Roth Tosaigh an Tarracóra Fad Ingearach Ais an Rothlaithe go dtí an Talamh	527,00 mm	
Roth Cúil an Leathleantóra Fad Ingearach Ais an Rothlaithe go dtí an Talamh	514,64 mm	
Toisí Fhearann an Ionsamhlúcháin. Fad	Fad $\geq$ 145,00 m	
Toisí Fhearann an Ionsamhlúcháin. Leithead	Leithead $\geq$ 75,00 m	
Toisí Fhearann an Ionsamhlúcháin. Airde	Airde $\geq$ 25,00 m	

Suíomh na feithicle Fad ón Ionraon Aeir go dtí Ceann na Feithicle	$\geq 25,00$ m	
Suíomh na feithicle Fad ón Asraon Aeir go dtí Cúl na Feithicle	$\geq 100,00$ m	
Scoitheadh an Fhearainn. Líon na gCeall	$\geq 60$ milliún cill	Mínglanadh mogaill curtha i bhfeidhm chun achair aera-ábhartha a ghabháil i gceart

Comhlíonfaidh an modh CFD cruinneas le haghaidh  $\Delta(CD \times A)$  le linn an bhailíochtaithe le haghaidh gach ceann de na sé chomparáid i ndáil leis na raonta tagartha mar a thaispeántar i dTábla 3.

Tábla 3

### Raonta tagartha le haghaidh an phróisis bhailíochtaithe

Tacar ionsamhlúcháin	Uillinn Luascála – $\beta$ [céim]		
	0,0 °	3,0 °	6,0 °
<b>TRF</b>	-8,6 % < CD < -1,6 %	-9,0 % < CD < -2,0 %	-10,3 % < CD < -3,3 %
<b>LSC</b>	-8,8 % < CD < -1,8 %	-8,0 % < CD < -1,0 %	-8,1 % < CD < -1,1 %

Léireoidh an tuarascáil bhailíochtaithe an luach  $CD \times A$  [m<sup>2</sup>] i gcás na naoi n-ionsamhlúcháin CFD uile mar a thaispeántar i dTábla 4.

Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil bhailíochtaithe:

— Torthaí  $CD \times A$  [m<sup>2</sup>]:

Tábla 4

### Torthaí ( $CD \times A$ ) [m<sup>2</sup>]

Tacar ionsamhlúcháin	Uillinn Luascála – $\beta$ [céim]		
	0,0 °	3,0 °	6,0 °
<b>BASE</b>			
<b>TRF</b>			
<b>LSC</b>			

— i gcás modhanna foistine:

— sonraí loma ar éabhlóid CD (nó  $CD \times A$ ) vs atriall, i bhformáid \*.csv.

— meán na 400 atriall deireanach.

— i gcás modhanna díomuana:


— sonraí loma ar éabhlóid CD (nó  $CD \times A$ ) vs am, i bhformáid \*.csv.

— meán na 5,0 shoicind dheireanacha.

- Trasghearradh plána XY a thrasnaíonn an fearann iomlán ionsamhlúcháin:
  - ag dul trí phointe rothlaithe roth acastóir tosaigh an tarracóra,
  - ag taispeáint mhéid treoluais na haershreibe ar scála ag dul ó 0 go 30 m/s agus barra daite roinnte ar 18 leibhéal daite ar a laghad mar a thaispeántar i bhFíor 3.

Fíor 3


#### Radharc plána XY ag dul trí phointe rothlaithe roth an acastóra tosaigh



- Trasghearradh plána XY a thrasnaíonn an fearann iomlán ionsamhlúcháin:
  - ag dul trí scátháin taoibh an tarracóra,
  - ag taispeáint mhéid treoluais na haershreibe ar scála ag dul ó 0 go 30 m/s agus barra daite roinnte ar 18 leibhéal daite ar a laghad mar a thaispeántar i bhFíor 4.

Fíor 4


#### Radharc plána XY ag dul trí scátháin taoibh an tarracóra



- Trasghearradh plána YZ a thrasnaíonn an fearann iomlán ionsamhlúcháin:
  - ag dul trí phointe rothlaithe roth acastóir tosaigh an tarracóra,
  - ag taispeáint mhéid treoluais na haershreibe ar scála ag dul ó 0 go 30 m/s agus barra daite roinnte ar 18 leibhéal daite ar a laghad mar a thaispeántar i bhFíor 5.

Fíor 5


### Radharc plána YZ ag dul trí phointe rothlaithe roth an acastóra tosaigh



- Trasghearradh plána XZ a thrasnaíonn an fearann iomlán ionsamhlúcháin:
  - ag dul trí lár na feithicle,
  - ag taispeáint mhéid treoluis na haershreibhe ar scála ag dul ó 0 go 30 m/s agus barra daite roinnte ar 18 leibhéal daite ar a laghad mar a thaispeántar i bhFíor 6.

Fíor 6

### Radharc plána XZ ag dul trí lár na feithicle



Úsáideann na plánaí XY, YZ agus XZ córas comhordanáidí atá feistithe don fheithicil mar a thaispeántar i bhFíor 7, i gcás ina bhfuil,

- an X-ais dírithe ar fhadtreo na feithicle,
- an Y-ais dírithe ar leithead na feithicle,
- an Z-ais dírithe ar airde na feithicle.

Fíor 7

### Suíomh an chórais comhordanáidí i ndáil leis an bhfeithicil



#### 3.3. Deimhniú na feiste aeradinimice

Úsáidfidh monaróir na feiste aeradinimice geoiméadrachtaí cineálacha feithicle chun feidhmíocht na feiste aeradinimice a léiriú agus í feistithe ar leantóir nó leathleantóir. Chun na críche sin, cuirfear samhail 3T na feiste aeradinimice leis na geoiméadrachtaí cineálacha feithicle sa suíomh céanna ina mbeadh sé dá mbeadh sé feistithe ar fhíor-fheithicil.

Le comhaontú an údaráis formheasta, féadfaidh monaróir na feiste aeradinimice athruithe a dhéanamh ar na geoiméadrachtaí cineálacha más gá le haghaidh fheistiú ceart nó fheidhmiú cuí na feiste aeradinimice agus má léiríonn an t-athrú sin an fhírinn ar bhealach leormhaith.

Cuirfear an modh CFD bailíochtaithe i bhfeidhm ar na geoiméadrachtaí modhnaithe agus ríomhfar na luachanna  $\Delta(CD \times A)$  le haghaidh 4 uillinn luascála:  $\beta = 0,0, 3,0, 6,0$  agus  $9,0$  céim.

#### 3.4. Dearbhú luachanna laghdaithe na cúltarraingthe aeir

Léireoidh an tuarascáil theicniúil an sochar aeradinimice  $\Delta(CD \times A)$  [%] le haghaidh na 4 uillinn luascála uile mar a thaispeántar i dTábla 5.

Tábla 5

#### $\Delta(CD \times A)$ [%] in aghaidh uillinn luascála an (leath)leantóra mhodhnaithe

$\Delta(CD \times A)(\beta)$ [%]	Uillinn Luascála – $\beta$ [céim]			
	0,0 °	3,0 °	6,0 °	9,0 °
<b>(Leath)leantóir modhnaithe</b>				

arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas [2]:

$$\Delta(CD \times A)(\beta) = \frac{C_D \times A(\beta)_{BASE} - C_D \times A(\beta)_{MOD}}{C_D \times A(\beta)_{BASE}} \times 100 [2]$$

I gcás,

gurb é  $C_D \times A(\beta)_{Mod}$  friotaíocht aeradinimice (in m<sup>2</sup>) na geoiméadrachta modhnaithe arna ríomh ag an modh bailíochtaithe CFD le haghaidh  $\beta = 0,0, 3,0, 6,0$  agus  $9,0$  céim.

gurb é  $C_D \times A(\beta)_{BASE}$  friotaíocht aeradinimice (in m<sup>2</sup>) an tacaíre BASE arna ríomh ag an modh bailíochtaithe CFD le haghaidh  $\beta = 0,0, 3,0, 6,0$  agus  $9,0$  céim.

---

## Foscúibhinn 1

TEIMPLÉAD DE DHEIMHNIÚ COMHPHÁIRTE, AONAIÐ THEICNIÚIL AR LEITHLIGH NÓ CÓRAIS

Uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm)

**DEIMHNIÚ LE HAGHAIDH AIRÍONNA FINE FEISTE AERAIDINIMICE A BHAINNEANN LE HASTAÍOCHTAÍ CO<sub>2</sub> AGUS ÍDIÚ BREOSLA**

Cumarsáid a bhaineann le: — deonú <sup>(1)</sup> — fadú <sup>(1)</sup> — diúltú <sup>(1)</sup> — tarraingt siar <sup>(1)</sup>	Stampa
<sup>(1)</sup> Scrios de réir mar is iomchuí	

de dheimhniú le haghaidh airíonna fine feiste aeraidinimice a bhaineann le hastaíochtaí CO<sub>2</sub> agus ídiú breosla i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún<sup>(1)</sup>.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362

Uimhir deimhniúcháin:

Hais:

Cúis leis an bhfadú:

## ROINN I

- 0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):
- 0.2. Cineál / fine na feiste aeraidinimice (más infheidhme):
- 0.3. Bail fine na feiste aeraidinimice (i gcás fine)
  - 0.3.1. Máthairfheiste na feiste aeraidinimice
  - 0.3.2. Cineálacha feistí aeraidinimice laistigh den fhine
- 0.4. Modhanna sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeiste aeraidinimice
  - 0.4.1. Suíomh na marcála:
- 0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:
- 0.6. I gcás comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, suíomh an mhairc ceadaithe CE agus modh a ghreamaithe:
- 0.7. Ainm(neacha) agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála:
- 0.9. Ainm agus seoladh ionadaí mhonaróir na feiste aeraidinimice (más ann dó)

<sup>(1)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

## ROINN II

1. Faisnéis bhreise (i gcás inarb infheidhme): féach an tAguisín
2. Údarás formheasta nó Seirbhís theicniúil:
3. Dáta na tuarascála teicniúla:
4. Uimhir na tuarascála teicniúla:
5. Nótaí (más ann dóibh): féach an tAguisín
6. Áit:
7. Dáta:
8. Síniú:

*Ceangaltáin:*

1. Pacáiste faisnéise
  2. Tuarascáil bhailíochtaíthe
  3. Tuarascáil theicniúil
  4. Doiciméadacht le haghaidh fheistiú ceart na feiste aeradinimice
-



## Foscúibhinn 2

**Doiciméad faisnéise na feiste aeradinimice**

Uimh. na bileoige tuairisce:

Saincheist: 000

ó:

Leasú:-

de bhun ...

**Cineál nó fine na feiste aeradinimice (más infheidhme):**

- 0. GINEARÁLTA
- 0.1 Ainm agus seoladh mhonaróir na feiste aeradinimice:
- 0.2 Déanamh (trádainm mhonaróir na feiste aeradinimice):
- 0.3 Samhail na feiste aeradinimice:
- 0.4 Fine na feiste aeradinimice:
- 0.5 I gcás inar meascán d'fheistí aeradinimice agus trealamh atá san fheiste aeradinimice, is iad seo baill na feiste aeradinimice:
- 0.6 Ainm(neacha) tráchtála (más ann dóibh):
- 0.7 Modh sainaitheantais na samhla, má tá sé marcáilte ar an bhfeiste aeradinimice:
- 0.8 Suíomh agus greamú an mhairc deimhniúcháin CE
- 0.9 Ainm(neacha) agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála:
- 0.10 Ainm agus seoladh ionadaí mhonaróir na feiste aeradinimice (más ann dó):

## CUID 1

**SAINTRÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA NA FEISTE/NA MÁTHAIRFHEISTE AERAIDINIMICE AGUS NA gCINEÁLACHA FEISTÍ AERAIDINIMICE LAISTIGH D'FHINE**

	Máthairfheiste aeradinimice		Baill fine		
		#1	#2	#3	

- 1.0. FAISNÉIS SHONRACH NA FEISTE AERAIDINIMICE
- 1.1. Cóid grúpaí feithiclí de réir na sonraí ionchuir mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún.
- 1.2. Baill na feiste aeradinimice:

- 1.3. Líníochtaí den fheiste aeradinimice:
- 1.4. Prionsabal oibre de shásra inardaithe nó fillte (más infheidhme)
- 1.5. Tuairisc ar an gcóras

## LIOSTA CEANGALTÁN

<b>Uimh.:</b>	<b>Tuairisc:</b>	<b>Dáta eisiúna:</b>
<b>1</b>	...	
<b>2</b>	...	

---


*Foscábhinn 3***Marcálacha**

I gcás feiste aeradinimice atá deimhnithe i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún, beidh an méid seo a leanas ar an bhfeiste nó ar na feistí:

- 1.1 ainm nó trádmharc mhonaróir na feiste aeradinimice;
- 1.2 an léiriú maidir le déanamh agus cineál sainaitheantais mar a thairfeadtar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 0.2 agus 0.3 d'Fhoscríbhinní 2 a ghabhann le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362;
- 1.3 An marc deimhniúcháin (más infheidhme) mar dhronuilleog timpeall ar an litir “e” sa chás íochtair agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn an deimhniú ina dhiaidh:
  - 1 don Ghearmáin;
  - 2 don Fhrainc;
  - 3 don Iodáil;
  - 4 don Ísiltír;
  - 5 don tSualainn;
  - 6 don Bheilg;
  - 7 don Ungáir;
  - 8 don tSeicia;
  - 9 don Spáinn;
  - 12 don Ostair;
  - 13 do Lucsamburg;
  - 17 don Fhionlainn;
  - 18 don Danmhairg;
  - 19 don Rómáin;
  - 20 don Pholainn;
  - 21 don Phortaingéil;
  - 23 don Ghréig;
  - 24 d'Éirinn;
  - 25 don Chróit;
  - 26 don tSlóivéin;
  - 27 don tSlóvaic;
  - 29 don Eastóin;
  - 32 don Laitvia;
  - 34 don Bhulgáir;
  - 36 don Liotuáin;
  - 49 don Chipir;
  - 50 do Mhálta
- 1.4 Áireofar freisin leis an marc deimhniúcháin, i gcóngarachtaí na dronuilleoige, an “bhonnuimhir deimhniúcháin” mar a shonraítear le haghaidh Roinn 4 den uimhir cineálcheadaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 a bhfuil an dá fhigiúr roimhe a thugann an uimhir sheichimh a shanntar don Rialachán seo nó an leasú teicniúil is déanaí leis an Rialachán seo le fios, mar aon le carachtar “P” a thugann le fios gur deonaíodh an ceadú le haghaidh na cúltarraingthe aeir.

Is ionann an uimhir sheichimh agus 00 le haghaidh an Rialacháin seo.

## 1.5. Sampla agus toisí an mhairc deimhniúcháin



Léiríonn an marc deimhniúcháin thuas atá greamaithe le feiste aeraidinimice gur deimhníodh an cineál lena mbaineann san Ungáir (e7), de bhun an Rialacháin seo. Leis an gcéad dá dhigit (02) tugtar le fios an uimhir sheichimh a sannadh leis an leasú teicniúil is déanaí ar an Rialachán seo. Tugann an litir ina dhiaidh sin le fios gur deonaíodh an deimhniú le haghaidh na feiste aeraidinimice (P). Is iad na cúig dhigit dheireanacha (00005) na digití sin a shannann an t-údarás formheasa mar bhonnuimhir deimhniúcháin le haghaidh na cúltarraingthe aeir.

- 1.6. Beidh na marcálacha, lipéid, plátaí nó greamáin inmharthana ar feadh shaolré úsáideach na feiste aeraidinimice agus beidh siad inléite go soiléir agus doscrista. Áiritheoidh an monaróir nach féidir na marcálacha, lipéid, plátaí nó an greamaitheoir a bhaint gan iad a scríosadh nó dochar a dhéanamh dóibh.
- 1.7. Beidh an marc deimhniúcháin infheicthe nuair a shuiteálfar an fheiste aeraidinimice ar an bhfeithicil agus greamófar é do pháirt is gá le haghaidh gnáthoibriú agus nach gnách go gceanglaítear a hathsholáthar le linn shaolré na comhpháirte.
- 1.8. Greamófar an marc deimhniúcháin do cheann an leantóra lena n-áirítear liosta a thugtar le fios de gach ball ábhartha ar leithligh den fheiste aeraidinimice ag a bhfuil marc deimhniúcháin. Cuirfidh monaróir na feiste aeraidinimice marcálacha i bhfoirm lipéad, plátaí nó greamán ar fáil don mhonaróir feithiclí.
- 1.9. I gcás ina n-úsáidtear feistí aeraidinimice neamhdheimhnithe le haghaidh dheimhniú CO2 an leantóra, greamóidh an monaróir feithiclí lipéad, pláta nó greamán do cheann na feithicle a thugann ainm mhonaróir na feiste aeraidinimice agus liosta de na feistí aeraidinimice a úsáidtear le haghaidh an deimhniúcháin.
- 1.10. Beidh na marcálacha, lipéid, plátaí nó greamáin inmharthana ar feadh shaolré úsáideach na feithicle agus beidh siad inléite go soiléir agus doscrista. Áiritheoidh an monaróir feithiclí nach féidir an lipéad, pláta ná greamán a bhaint gan iad a scríosadh ná dochar a dhéanamh dóibh.

## 2 Uimhriú

- 2.1 Beidh an uimhir deimhniúcháin le haghaidh na cúltarraingthe aeir comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

eX\*YYYY/YYYY\*ZZZ/ZZZ\*P\*00000\*00

roinn 1	roinn 2	roinn 3	Litir bhreise a ghabhann le roinn 3	roinn 4	roinn 5
Sonraíocht na tíre atá ag eisiúint an deimhnithe	Deimhniú HDV CO2 le haghaidh (leath)leantóirí	Rialachán leasaitheach is déanaí (ZZZZ/ZZZZ)	P =Cúltarraingt aeir	Bonnuimhir deimhniúcháin 00000	Fadú 00

*Foscríbhinn 4***Coincheap na fine****1. Ginearálta**

Is iad na paraiméadair, a bhaineann le dearadh agus le feidhmíocht, saintréithe fine feistí aeraidinimice. Beidh na paraiméadair sin mar an gcéanna i measc na mball uile laistigh den fhine. Féadfaidh monaróir na bhfeistí aeraidinimice cinneadh a dhéanamh faoin bhfeiste aeraidinimice a bhaineann le fine, fad a urramaítear na critéir a liostaítear i bpointe 4 den Fhoscríbhinn seo. Ceadóidh an tÚdarás Formheasta fine na feiste aeraidinimice. Cuirfidh monaróir na bhfeistí aeraidinimice an fhaisnéis iomchuí a bhaineann leis na baill den fhine faoi bhráid an Údaráis Formheasta.

**2. Cásanna speisialta**

2.1. I roinnt cásanna, féadfaidh idirghníomhaíocht a bheith idir paraiméadair. Sainithneoidh monaróir na bhfeistí aeraidinimice na cásanna sin agus cuirfidh sé san áireamh iad chun a áirithiú nach gcuirtear ach na feistí aeraidinimice ag a bhfuil saintréithe comhchosúla san áireamh laistigh den fhine chéanna. Tabharfaidh monaróir na bhfeistí aeraidinimice fógra don údarás formheasta maidir leis na cásanna sin ionas gur féidir leis an údarás iad a chur san áireamh mar chritéir agus fine nua d'fheistí aeraidinimice á cruthú.

2.2. Sainithneoidh an monaróir paraiméadair nach liostaítear i bpointe 3, paraiméadair ag a bhfuil tionchar láidir ar leibhéal na feidhmíochta ar bhonn dea-chleachtas innealtóireachta agus tabharfaidh sé fógra don údarás formheasta maidir leis na paraiméadair sin.

**3. Paraiméadair a shainíonn fine d'fheistí aeraidinimice**

- (a) an cruth agus an prionsabal oibre;
- (b) príomhthoisí;
- (c) infheidhmeacht ar chatagóirí/chineálacha/ghrúpaí éagsúla leantóirí.

**4. Critéir le haghaidh roghnú na máthairfheiste aeraidinimice**

4.1. Roghnóidh monaróir na feiste aeraidinimice máthairfheiste aeraidinimice gach fine i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

- (a) oireann an fheiste aeraidinimice don gheoiméadracht chineálach a leagtar síos i bhFoscríbhinn 4 den Iarscríbhinn seo;
- (b) tá laghdú na cúltarraingthe aeir ag gach ball den fhine cothrom leis an  $\Delta(CD \times A)$  a dhearbhaítear don mháthairfheiste aeraidinimice, nó níos mó ná é;
- (c) is féidir leis an iarratasóir ar dheimhniú a léiriú, bunaithe ar CFD, ar thorthaí gaoth-tholláin nó dea-chleachtas innealtóireachta, go gcomhlíonann roghnú na máthairfheiste aeraidinimice na critéir a leagtar síos i bPointe 4.1. (b).

Beidh feidhm ag pointe (c) maidir le gach malairte d'fheiste aeraidinimice is féidir a ionsamhlú le CFD mar a thuairiscítear san Iarscríbhinn seo.

*Foscábhinn 5***1. Luachanna caighdeánacha**

- 1.1. I gcás nach ndeimhnítear na feistí aeradinimice i gcomhréir leis an modh dá dtagraítear i bPointe 3 den Iarscríbhinn seo, úsáidfidh an monaróir feithiclí luachanna caighdeánacha. Chun na luachanna caighdeánacha le haghaidh deimhniú feithicle a úsáid, comhlíonfaidh an fheiste aeradinimice na critéir gheoiméadrachta a liostaítear i dTábla 1 go Tábla 6.
- 1.2. Leithdháiltear na luachanna caighdeánacha le haghaidh laghduithe aeradinimice go huathoibríoch leis an uirlis ionsamhlúcháin. Chun na críche sin, úsáidfidh an monaróir feithiclí paraiméadar ionchuir T022 a shonraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn III.
- 1.3. I gcás leantóirí DA, ní úsáidfidh an monaróir feithiclí ach luachanna caighdeánacha le haghaidh feistí aeradinimice má bhíonn an leantóir feistithe leis na cumraíochtaí caighdeánacha feiste aeradinimice seo a leanas:
  - (a) cumhdaigh ghearra taoibh;
  - (b) cumhdaigh fhada taoibh;
  - (c) flapaí gearra cúil;
  - (d) flapaí arda cúil;
  - (e) cumhdaigh ghearra taoibh agus flapaí gearra cúil;
  - (f) cumhdaigh ghearra taoibh agus flapaí arda cúil;
  - (g) cumhdaigh fhada taoibh agus flapaí gearra cúil;
  - (h) cumhdaigh fhada taoibh agus flapaí arda cúil.
- 1.4. I gcás leantóirí DB agus DC, ní úsáidfidh an monaróir feithiclí ach luachanna caighdeánacha le haghaidh feistí aeradinimice má bhíonn an leantóir feistithe leis na cumraíochtaí caighdeánacha feiste aeradinimice seo a leanas:
  - (a) cumhdaigh ghearra taoibh;
  - (b) flapaí gearra cúil;
  - (c) flapaí arda cúil;
  - (d) cumhdaigh ghearra taoibh agus flapaí gearra cúil;
  - (e) cumhdaigh ghearra taoibh agus flapaí arda cúil.
- 1.5. Ní chuirfidh an monaróir feithiclí luachanna caighdeánacha le soláthar na sonraí ionchuir le haghaidh feiste aeradinimice dheimhnithe.

**2. Critéir geoiméadrachta**

- 2.1. Tagraíonn na toisí a leagtar síos i dTábla 1, Tábla 2, Tábla 3, Tábla 4, Tábla 5 agus Tábla 6 do na critéir íosta a chomhlíonfaidh feiste aeradinimice chun go n-aicmeofar iad faoin gcatagóir ábhartha.

Chun aershreachadh suntasach idir an cabhalra agus na flapaí cúil a sheachaint, cuirfidh an monaróir feithiclí na flapaí cúil i gceangal leis an gcabhalra ar bhealach nach mbeadh an bhearna idir na flapaí agus na cabhalra níos mó ná 4 mm i riocht oscailte.

Tábla 1

**Sonraíochtaí geoiméadrachta cumhdaigh fhada taoibh le haghaidh leantóirí DA**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Fad	[mm]	(*)	(*) Leordhóthanach chun idir an fearas tuirlingthe agus an cúl a chumhdach
Airde	[mm]	$\geq 760$	I gcás leathleantóir toirtdírithe, beidh an airde cothrom le 490 mm nó níos mó ná sin.
Ga filléadach	[mm]	$\leq 100$	Mar a thaispeántar i bhFíor 6

Tábla 2

**Sonraíochtaí geoiméadrachta cumhdaigh ghearra taoibh le haghaidh leantóirí DA**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Fad	[mm]	(**)	(**) Leordhóthanach chun idir an fearas tuirlingthe agus tús an chéad rotha a chumhdach
Airde	[mm]	$\geq 760$	I gcás leathleantóir toirtdírithe, beidh an airde cothrom le 490 mm nó níos mó ná sin.
Ga filléadach	[mm]	$\leq 100$	Mar a thaispeántar i bhFíor 5

Tábla 3

**Sonraíochtaí geoiméadrachta le haghaidh flapáí gearra cúil**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Uillinn bharrchaolaithe	[°]	$13 \pm 2$	Le haghaidh painéil uachtair agus painéil taoibh
Fad	[mm]	$\geq 400$	
Airde	[mm]	$\geq 2\,000$	
Ga filléadach	[mm]	$\leq 200$	Mar a thaispeántar i bhFíor 1

Tábla 4

**Sonraíochtaí geoiméadrachta le haghaidh flapáí arda cúil**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Uillinn bharrchaolaithe	[°]	$13 \pm 2$	Le haghaidh painéil uachtair agus painéil taoibh
Fad	[mm]	$\geq 400$	

Airde	[mm]	$\geq 2\,850$	De rogha air sin, má chumhdaíonn airde an phainéil airde iomlán na cabhlach le lamháltas de $\pm 3\%$ d'airde iomlán na cabhlach, is féidir an fheiste a mheas mar fhlapaí arda cúil
Ga filléadach	[mm]	$\leq 200$	Mar a thaispeántar i bhFíor 3

Tábla 5

**Sonraíochtaí geoiméadrachta cumhdaigh taoibh le haghaidh leantóirí DB**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Fad	[mm]	(***)	(***) Leordhóthanach chun an t-achar idir na rothaí a chumhdach
Airde	[mm]	$\geq 860$	I gcás leantóir toirtdírithe, beidh an airde cothrom le 540 mm nó níos mó ná sin.
Ga filléadach	[mm]	$\leq 100$	Mar a thaispeántar i bhFíor 7

Tábla 6

**Sonraíochtaí geoiméadrachta cumhdaigh taoibh le haghaidh leantóirí DC**

Sonraíocht	Aonad	Toise seachtrach (lamháltas)	Nótaí
Fad	[mm]	(****)	(****) Leordhóthanach chun fad iomlán na feithicle a chumhdach cé is moite d'achar na rothaí
Airde	[mm]	Cóimeáil acastóra TPMLM $\leq 13,5$ tona: $\geq 680$  Cóimeáil acastóra TPMLM $> 13,5$ tona: $\geq 860$	I gcás leantóir toirtdírithe, beidh an airde cothrom le 490 mm nó níos mó ná sin
Ga filléadach	[mm]	$\leq 100$	Mar a thaispeántar i bhFíor 8

2.2. Taispeánann na líníochtaí i bhFíor 1, Fíor 2, Fíor 3, Fíor 4, Fíor 5, Fíor 6, Fíor 7 agus Fíor 8 samplaí le haghaidh na bhfeistí aeradinimice:



Fíor 1

**Flapaí gearra cúil, amharc cliathánach**




Fíor 2.

**Flapaí gearra cúil, amharc ón mbarr**




Fíor 3

**Flapaí arda cúil, amharc cliathánach**




Fíor 4


**Flapaí arda cúil, amharc ón mbarr**




Fíor 5

**Cumhdaigh ghearra taoibh le haghaidh leantóirí DA, amharc cliathánach**

Fíor 6


**Cumhdaigh fhada taoibh le haghaidh leantóirí DA, amharc cliathánach**

Fíor 7

**Cumhdaigh ghearra taoibh le haghaidh leantóirí DB, amharc cliathánach**

Fíor 8

**Cumhdaigh ghearra taoibh le haghaidh leantóirí DC, amharc cliathánach**



## Foscúibhinn 6

## Paraiméadair ionchuir le haghaidh na huirlise ionsamhlúcháin

## 1. Réamhrá

Tugtar tuairisc san Fhocscríbhinn seo ar an liosta paraiméadair atá le soláthar ag monaróir na feiste aeradinimice mar ionchur san uirlis ionsamhlúcháin. Tá an scéimre XML is infheidhme mar aon le sonraí samplacha le fáil ar an ardán dáilte leictreonach tiomanta.

## 2. Sainmhínte

(1) “Aitheantas Paraiméadair”: Aitheantóir uathúil mar a úsáidtear san uirlis ionsamhlúcháin le haghaidh paraiméadar sonrach ionchuir nó tacar sonraí ionchuir.

(2) “Cineál”: Cineál sonraí an pharaiméadair:

teaghrán	seicheamh na gcarachtar in ionchódú ISO8859-1
licín	seicheamh na gcarachtar in ionchódú ISO8859-1, gan aon spás bán chun tosaigh/ar deireadh
dáta	dáta agus am in am AUL san fhormáid: BBBB-MM-LLAAU:NN:SSZ agus litreacha i gcló iodálach ag tabhairt le fios carachtair sheasta e.g. “2002-05-30A09:30:10Z”
slánuimhir	luach le cineál sonraí lárnach, gan aon nialas chun tosaigh, e.g. “1800”
dúbailte, X	uimhir chodánach le X digit, agus an méid sin go beacht, tar éis an chomhartha dheachúil (“.”) agus gan aon nialas chun tosaigh e.g. le haghaidh “dúbailte, 2”: “2 345,67; le haghaidh “dúbailte, 4”: “45.6780”

(3) “Aonad” aonad fisiciúil an pharaiméadair

## 3. Tacar paraiméadar ionchuir

Tábla 1

## Paraiméadair ionchuir “Feiste aeradinimice”

Ainm paraiméadair	Aitheantas Paraiméadair	Cineál	Aonad	Tuairisc/Tagairt
Monaróir	T028	licín	[-]	
Samhail	T029	licín	[-]	
Uimhir deimhniúcháin	T030	licín	[-]	
Dáta	T031	dáta	[-]	Dáta agus am a chruthaítear comhpháirt na haise
Laghdú aeradinimice deimhnithe	T032	(dúbailte, 2) x4	[%]	Laghdú de réir céatadán i gcúlraingt air i gcomparáid leis an gcumraíocht chaighdeánach aeradinimice le haghaidh uillinneacha luascála 0 °, 3 °, 6 ° agus 9 ° atá le ríomh i gcomhréir le pointe 3.4. d'Iarscríbhinn V
Grúpa feithiclí is infheidhme	T033	teaghrán	[-]	Iontráil amháin in aghaidh an ghrúpa feithiclí dar deimhníodh an laghdú aeradinimice

I gcás ina n-úsáidtear luachanna caighdeánacha i gcomhréir le Foscúibhinn 5 san uirlis ionsamhlúcháin, ní chaithfear aon sonraí ionchuir a sholáthar le haghaidh chomhpháirt na feiste aeradinimice. Leithdháilfear na luachanna caighdeánacha go huathoibríoch de réir scéim chumraíochta an ghrúpa feithiclí agus na feiste aeradinimice.

## IARSCRÍBHINN VI

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683**

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear na nótaí míniúcháin seo a leanas isteach:

- <sup>(175)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>
- <sup>(176)</sup> Mar a shainmhínítear i bPointe (6) d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(177)</sup> Tarraingthe suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(178)</sup> Tarraingthe suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(179)</sup> Mar a thugtar le fios i bpointe 3.1. de chomhad faisnéise an chustaiméara a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(180)</sup> Mar a thugtar le fios i bpointe 3.4. de chomhad faisnéise an chustaiméara a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(181)</sup> Mar a thugtar le fios i bpointe 1.2.5 de chomhad faisnéise an chustaiméara a tarraingíodh suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362
- <sup>(182)</sup> I gcomhréir leis na táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfeithicil agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145)."

(b) cuirtear isteach na pointí 3.5.11, 3.5.11.1 agus 3.5.11.2 seo a leanas:

"3.5.11. Measúnú ar fheidhmíocht chomhshaoil (leantóirí saothair throm, mar a shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 <sup>(176)</sup>)

3.5.11.1. Uimhir cheadúnais na huirlise ionsamhlúcháin: ...

3.5.11.2. Feithicil earraí troma toirtdírithe: tá/níl (4) (176)";

(2) cuirtear isteach na pointí 3.5.11, 3.5.11.1 agus 3.5.11.2 seo a leanas in Iarscríbhinn II, i gCuid I, B (Catagóir O):

"3.5.11. shonraítear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 (176) Measúnú ar fheidhmíocht chomhshaoil (leantóirí saothair throm, mar a

3.5.11.1 Uimhir cheadúnais na huirlise ionsamhlúcháin: ...

3.5.11.2. Feithicil earraí troma toirtdírithe: tá/níl (4) (176)";

(3) cuirtear isteach an pointe seo a leanas tar éis phointe 45.1 in Iarscríbhinn III, Foscríbhinn 1, Catagóirí O3/O4:

**"Feidhmíocht chomhshaoil**

49.1. Hais-chripteagrafaíocht chomhad taifead an mhonaróra: ... (177)

49.4. Hais chripteagrafach chomhad faisnéise an chustaiméara: ... (178)

- 49.6. Luach pálasta ualaithe ... t (179)
  - 49.7. Grúpa feithiclí ... (182)
  - 49.9. Toirt lastais ...m<sup>3</sup>(181)
  - 49.10. Toirtdírithe: tá/níl (4) (176)
  - 49.11. Cóimheasa éifeachtúlachta: ... (180)
    - 49.11.1. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar chiliméadair:...
    - 49.11.2. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar thonna-chiliméadair:...
    - 49.11.3. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m<sup>3</sup>-chiliméadair...”
- (4) cuirtear isteach na pointí seo a leanas tar éis phointe 45.1. in Iarscríbhinn VIII, Foscríbhinn, CUID I, CUID 2 CATAGÓIRÍ FEITHICLÍ O3 agus O4 (feithiclí iomlána agus críochnaithe):

**“Feidhmíocht chomhshaoil**

- 49.1. Hais-chripteagrafaíocht chomhad taifead an mhonaróra: ... (177)
  - 49.4. Hais chripteagrafach chomhad faisnéise an chustaiméara: ... (178)
  - 49.6. Luach pálasta ualaithe ... t (179)
  - 49.7. Grúpa feithiclí ... (182)
  - 49.9. Toirt lastais ...m<sup>3</sup>(181)
  - 49.10. Toirtdírithe: tá/níl (4) (176)
  - 49.11. Cóimheasa éifeachtúlachta: ... (180)
    - 49.11.1. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar chiliméadair:...
    - 49.11.2. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar thonna-chiliméadair:...
    - 49.11.3. Cóimheas éifeachtúlachta – bunaithe ar m<sup>3</sup>-chiliméadair...”
-